



Brústocaireacht a Rialáil

2018

Tuarascáil Bhliantúil



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

18 Sráid Líosain Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 HE97

Teileafón: (01) 639 5722

Ríomhphost: info@lobbying.ie

Suíomh Gréasáin: www.lobbying.ie

Twitter: [@LobbyingIE](https://twitter.com/LobbyingIE)

ISSN: 2009-9363

arna dhearadh ag wonder works

Clár Ábhar

Brollach agus Réamhrá	2
An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí	3
Ráiteas ón gCeann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil	4
Caibidil a hAon – Clárúithe agus Tuairisceáin	7
1.1 Iarratais ar chlárú	7
1.2 Tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta	8
Caibidil a Dó – Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta	11
Caibidil a Trí – Oibríochtaí	13
3.1 Cinntí faoi alt 14 den Acht	13
3.2 Imscrúduithe faoi alt 19 den Acht	14
3.3 Iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht	14
3.4 Ciontuithe i leith cionta faoi alt 20 den Acht	18
3.5 Fógraí Íocaíochta Seasta a seirbheáladh faoi alt 21 den Acht	21
3.6 Teagmháil maidir le “comhlachtaí iomchuí” agus an Cód Trédhearcachta	22
3.7 Faisnéis faoi Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ar shuíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí	24
3.8 Iniúchadh ar nósanna imeachta agus oibríochtaí brústocaireachta an Choimisiúin	25
Caibidil a Ceathair – Cumarsáid agus For-rochtain	27
4.1 Gníomhaíochtaí for-rochtana	27
4.2 Uirlisí faisnéise agus acmhainní	29
Caibidil a Cúig – Príomh-Shaincheistanna sa bhliain 2019 agus na Chéad Chéimeanna Eile	31
5.1 An dara hathbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil	31
5.2 Tuilleadh teagmhála le comhlachtaí poiblí maidir le “comhlachtaí iomchuí”	31
5.3 Cáilíocht na dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta	31
5.4 Athbhreithniú ar an gCód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta	31
Caibidil a Sé – Moltaí le haghaidh Athruithe	33
6.1 Moltaí a rinneadh roimhe seo	33
6.2 Moltaí a fuarthas le linn comhairliúcháin ar an gCód Iompair	33
Conclúid	33
Aguisín a hAon – Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta	35
Aguisín a Dó – Ról Maoirseachta an Choimisiúin faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015	43
Aguisín a Trí – Staitisticí	49

Brollach agus Réamhrá

De réir fhorálacha alt 25(1) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Brústocaireacht a Rialáil sa bhliain 2018 ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a chur isteach lena leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.


Tugtar sa tuarascáil seo faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin le linn dó an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, a riar.

Sa bhliain seo a chuaigh thart, lean an Coimisiún le maoirseacht a dhéanamh ar chlárúithe brústocaireachta

agus ar thuairisceáin bhrústocaireachta; d'fhoilsigh sé Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta; d'eisigh sé roinnt breitheanna faoi fhorálacha an Achta i ndáil le fostaíocht iarthearma, le foilsíú moillithe agus le faisnéis a bhaint den Chlár; agus sheol sé gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le geallsealbhóirí éagsúla, sa tír seo agus thar lear araon, chun faisnéis a chomhroinnt agus dea-chleachtais a mhalartú freisin.

Tá an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun tabhairt faoin dara hathbhreithniú ar an Acht níos déanaí i mbliana. Tá an Coimisiún ag tnúth le haighneacht a dhéanamh i leith an athbhreithnithe sin. Cé go bhfuil ag éirí leis an Acht den chuid is mó, measann an Coimisiún gurb ann do réimsí áirithe arbh fhiú iad a leasú nó a shoiléiriú. Tá siad sin liostaithe sa tuarascáil seo.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na Coimisinéirí eile agus le Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin as a gcuid oibre thar an mbliain seo a chuaigh thart.



An Breitheamh Daniel O'Keeffe
Cathaoirleach

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meitheamh 2019



An Breitheamh Daniel O'Keeffe
Cathaoirleach

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Comhlacht neamhspleách a bunaíodh i mí na Nollag 2001 leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, is ea an Coimisiún. Tá freagracht maoirseachta air i leith roinnt reachtanna lena bpléitear le heitic in oifigí poiblí, le rialáil toghcháin agus le maoiniú polaitíochta agus le tuairisciú airgeadais polaitíochta.

Tá seisear comhaltaí ag an gCoimisiún, atá faoi chathaoirleacht ag iarbhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún:

- An Breitheamh Daniel O’Keeffe, Cathaoirleach;
- Seamus McCarthy, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste;
- Peter Tyndall, an tOmbudsman;
- Peter Finnegan, Cléireach Dháil Éireann;
- Martin Groves, Cléireach Sheanad Éireann; agus
- Jim O’Keeffe, Iarchomhalta de Dháil Éireann.

Is é Oifig an Ombudsman a chuireann an Rúnaíocht don Choimisiún ar fáil.

Ráiteas ón gCeann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil

Nuair a tháinig an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil i bhfeidhm sa bhliain 2015, bhí imní ann i measc geallsealbhóirí go mbeadh éifeacht fuaraithe ag an Acht; is é sin le rá go dtiocfadh deireadh le brústocaireacht de bharr drogall a bheith ar dhaoine a ghabhann do bhrústocaireacht a gcuid ceanglas a chomhlíonadh nó de bharr oifigigh phoiblí a bheith neamhthoilteanach comhoibriú.



Sherry Perreault

Ceann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil

Tugaimis neamhaird air sin agus gabhaimis ar aghaidh go dtí an bhliain 2019. Tá córas láidir i bhfeidhm againn anois, áit a bhfuil níos mó ná 1,800 cláraí againn agus a bhfuil breis agus 30,000 tuairisceán ar an gClár. Is léir go bhfuil brústocaireacht beo beathach mar ba cheart. Cabhraíonn brústocaireacht le múnla a dhéanamh ar bheartas poiblí, ar pharaiméadair chlár agus ar bhreitheanna maidir le hacmhainní poiblí agus maidir leis an dóigh a bhforbrófar ár gcuid bailte, cathracha agus limistéar tuaithe. Is modh í trína dtugtar d'oifigigh phoiblí an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun a bpost a dhéanamh go héifeachtach.

Tá athrú tagtha ar an scéal le níos mó na trí bliana anuas, áfach, sa mhéid is go bhfuil ceanglais bhrústocaireachta á gcomhlíonadh mar ghnáthnós anois. Ceann de na cúiseanna atá leis sin is ea an t-eolas a ghnóthaigh daoine ar an Acht le himeacht ama agus an fhíric go leantar le faisnéis a scaipeadh go nádúrtha ar fud na n-earnálacha uile. Cúis eile atá leis is ea na hiarrachtaí leanúnacha a dhéantar chun comhlíonadh a spreagadh trí oideachas, trí threoir agus, nuair is gá, trí fhorfheidhmiú.

Is ann don Choimisiún chun trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn i saol poiblí na hÉireann. Cuirimid na prionsabail chéanna i bhfeidhm inár ngníomhaíochtaí féin agus féachaimid le dea-rialachas a chinntiú ar bhonn inmheánach. Rinneadh iniúchadh seachtrach orainn sa bhliain 2018 agus fuarthas amach ann go bhfuil nósanna imeachta an Choimisiúin láidir agus cuí agus go bhfuil siad ag teacht leis an mbéim a chuirimid ar chreataí daingne agus ar chur chuige comhsheasmhach ciallmhar a ghlacadh i leith rialáil.

Cé gur údar misnigh iad na torthaí sin, ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh fós. Is íseal ar shlí dhíréireach go fóill atá an líon cláruithe sna contaetha is lú daonra in Éirinn. Is faoi ghannionadaíocht ar an gClár atá earnálacha áirithe freisin. Leanann an Coimisiún le dul i mbun for-rochtain shainoiriúnaithe agus lena chuid oibre chun a chinntiú go mbíonn tacaí, uirlisí ar líne san áireamh, i bhfeidhm chun cabhrú le daoine a thuiscint conas is féidir leo comhlíonadh a bhaint amach.

Tá an chéad athbhreithniú reachtach eile ar an Acht le déanamh sa bhliain 2019. Táthar ag súil go ndéanfar leasuithe ar an Acht ansin chun é a neartú agus chun trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú tuilleadh. Táim ag tnúth le leanúint sa bhliain atá romhainn le feasacht a mhéadú ar an Acht agus ar an gCód Iompair nua ón gCoimisiún do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le foireann Rúnaíocht an Choimisiúin, a thug sárthacaíocht domsa agus don Choimisiún araon thar an mbliain seo a chuaigh thart.



Sherry Perreault

Ceann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil

Caibidil a hAon:

Cláruithe agus
Tuairisceáin



Caibidil a hAon

Cláruithe agus Tuairisceáin

Fuarthas tuairisceáin i leith trí thréimhse tuairiscithe le linn na bliana 2018, ba iad sin: an 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán, an 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa agus an 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig. Ba iad na spriocdhátaí tuairiscithe faoi seach do na tréimhsí sin ná an 21 Bealtaine 2018, an 21 Meán Fómhair 2018 agus an 21 Eanáir 2019.

1.1 Iarratais ar chlárú

Le linn na bliana 2018, fuarthas 246 iarratas nua ar chlárú. Déantar athbhreithniú ar gach iarratas chun a chinntiú go bhfuil ceanglas ar an duine lena mbaineann clárú agus gur chláraigh sé/sí i gceart. Seoltar chuig gach iarratasóir nua litir ina leagtar amach spriocdhátaí na dtréimhsí tuairiscithe, na dea-chleachtais maidir le cuntais a riar agus sonraí faoi na forálacha forfheidhmithe.

Sa Tuarascáil ar an gCéad Athbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an tAire), moladh don Choimisiún iarracht a dhéanamh a chinntiú go gcuirfí lena fhiúntaí atá an fhaisnéis eárnála a sholáthraíonn cláraithe trí laghdú a dhéanamh ar an líon cláraithe atá catagóirithe sa ghrúpa ilghnéitheach “eile”. Le linn na bliana 2018, leathnaigh an Coimisiún na roghanna atá ar fáil do chláraithe agus á bpríomhghníomhaíocht gnó á roghnú acu. Scríos sé gníomhaíocht “eile” mar rogha freisin. Tá áthas ar an gCoimisiún a thuairisciú gur nuashonraigh formhór na gcláraithe a sonraí clárúcháin chun a bpríomhghníomhaíocht gnó a léiriú.

1.2 Tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta

Agus an tuarascáil seo á scríobh, cuireadh beagnach 9,800 tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach i leith na dtrí thréimhse tuairiscithe sa bhliain 2018. Leagtar amach sna graif in Aiguisin a Trí an líon tuairisceán a fuarthas i leith gach tréimhse iomchuí agus na “nithe iomchuí” agus na réimsí beartais is coitianta ar seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta ina leith.

Sa bhliain 2018, rinne an Coimisiún iarracht chomhbheartaithe a chinntiú go gcomhlíonfadh na tuairisceáin uile alt 12 den Acht, go mbeadh an fhaisnéis a thabharfaí iontu soiléir agus fiúntach agus go soláthrófaí an fhaisnéis sa mhodh agus san fhoirm a cheanglaíonn an Coimisiún. Áiríodh iad seo leis na saincheisteanna ar déileáladh leo le linn na bliana 2018:

- Fuarthas tuairisceáin éagsúla ó chláraí i leith gníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh i ndáil leis an aon ábhar amháin le linn tréimhse iomchuí. Ba cheart tuairisceáin a bhaineann leis an aon ábhar amháin a thiomsú ina dtuairisceán amháin don tréimhse lena mbaineann.
- Fuarthas faisnéis dhoiléir – go háirithe sa réimse maidir leis na torthaí atá beartaithe. Ba cheart sách faisnéise a thabhairt i dtuairisceáin chun go mbeidh siad soiléir agus trédhearcach.
- Cuireadh ar áireamh i dtuairisceáin iaroifigigh phoiblí ainmnithe a d’fhéadfadh a bheith faoi réir na tréimhse marana dá bhforáiltear in alt 22 den Acht. Iarrfaidh an Coimisiún faisnéis i gcás go mbeidh iaroifigeach poiblí ainmnithe a bhféadfadh go mbeadh oibleagáidí fostaíochta iarthearma air/uirthi ainmnithe i dtuairisceán.
- I gcás go mbeidh amhras ann maidir le cé acu is ní iomchuí é ábhar an tuairisceáin nó nach ea, rachaidh an fhoireann i dteagmháil leis an gcláraí chun a shoiléiriú cé acu is gá nó nach gá dó/di tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach i ndáil leis an ní lena mbaineann.

Má fhaigheann sé amach go bhfuil an fhaisnéis atá i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta mícheart nó míthreorach nó nach bhfuil sách sonraí inti, féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint as na cumhachtaí atá aige faoi alt 13 den Acht chun an tuairisceán a bhaint nó chun a iarraidh go gceartófaí é, de réir mar is cuí. Tríd is tríd, faigheann an Coimisiún dea-chomhar ó chlárúithe maidir leis na tuairisceáin uathu a leasú nó maidir le tuilleadh faisnéise a thabhairt dó. Mura ndéantar faisnéis mhícheart a cheartú nó a bhaint, féadfaidh an Coimisiún, faoi alt 13(3), an fhaisnéis sin a bhaint láithreach den Chlár.

Coinnítear feidhmíocht an Chláir ar líne faoi athbhreithniú ó thaobh an úsáideora de agus ó thaobh an Choimisiúin de mar riarthóir araon chun a chinntiú go mbíonn sé á oibriú ar an mbealach is éifeachtaí is féidir. Le linn na bliana 2018, sainaithníodh roinnt réimsí ina bhféadfaí tuilleadh obair forbartha a dhéanamh chun inúsáidteacht agus feidhmiúlacht an Chláir a fheabhsú. Cuirfear na feabhsuithe sin i bhfeidhm sa bhliain 2019.

Caibidil a Dó:

Cód Iompair do
dhaoine a sheolann
gníomhaíochtaí
brústocaireachta



Caibidil a Dó

Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta

Foráiltear le halt 16(1) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún cód iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta *“d’fhonn ardchaighdeáin ghairmiúla agus dea-chleachtas a chur chun cinn”*. Mheas an Coimisiún go mbeadh sé stuama forbairt aon chóid a iarchur go dtí go mbeadh forálacha forfheidhmithe an Achta i bhfeidhm agus go dtí go mbeadh an chéad athbhreithniú ar an Acht críochnaithe, i gcás go bhféadfadh aon athruithe reachtacha a dhéanfaí de bharr an athbhreithnithe dul i bhfeidhm ar fhorbairt an Chóid. Tar éis na clocha míle sin a bhaint amach, gan aon athruithe reachtacha a dhéanamh, mheas an Coimisiún gur thráthúil an rud é cód a fhorbairt sa bhliain 2018.

Sula ndéanfar cód iompair a tháirgeadh, ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus le cibé comhlachtaí atá ionadaitheach dóibh agus le cibé daoine eile is cuí leis an gCoimisiún. Cuireadh dréachtchód iompair agus páipéar comhairliúcháin le chéile, agus aird á tabhairt ar shamhlacha eile, ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus ar thaithí an Choimisiúin é féin ar an Acht a riar. Mar aon leis an bpáipéar comhairliúcháin agus leis an dréachtchód, foilsíodh glao ar aighneachtaí i nuachtáin náisiúnta, ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin (www.sipo.ie), ar shuíomh Gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ar an suíomh Gréasáin lobbying.ie freisin. Iarradh na tuairimí ó na príomh-gheallsealbhóirí, ár macasamhlacha ar leibhéal idirnáisiúnta ina measc. Ba é an 31 Iúil 2018 an dáta deiridh a glacadh le haighneachtaí.

Fuarthas aighneachtaí ó ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí, ó chomhlachtaí rialála eile, ó chomhlachtaí ionadaitheacha agus ó chomhlachtaí tathanta, agus ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair eile, cláraithe ina measc. Bunaithe ar an aschur sin, rinneadh leasuithe ar an dréachtchód agus foilsíodh an leagan deiridh de an 28 Samhain 2018. Is féidir [tuarascáil ar an bpróiseas comhairliúcháin](#) agus cóipeanna de na haighneachtaí a fuarthas a fháil ar an suíomh Gréasáin.

Tháinig an Cód i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019 agus leagtar amach ann ocht bprionsabal a chumasóidh daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta gabháil do na gníomhaíochtaí sin ar bhealach trédhearcach eiticiúil. Aon duine a dhéanann brústocaireacht, lena n-áirítear fostóirí, triú páirtithe, comhlachtaí ionadaitheacha nó tathanta agus daoine aonair, ní mór dóibh go léir aird a bheith acu ar an gCód agus cumarsáid á déanamh acu le hoifigigh phoiblí. Déanfar athbhreithniú ar an gCód gach trí bliana, ar aon dul leis na hathbhreithnithe reachtúla atá sceidealta ar an Acht.

Tá cóip den Chód tugtha in Aguisín a hAon.

Caibidil a Trí:

Oibríochtaí



Caibidil a Trí

Oibríochtaí

Ceanglaítear le halt 25(2) den Acht go gcuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar áireamh sa tuarascáil seo:

- aon chinntí faoi alt 14 a rinneadh nó a bhí i bhfeidhm sa bhliain sin (iarrataí ar fhoilsiú moillithe);
- aon imscrúduithe faoi alt 19 a rinneadh agus a críochnaíodh sa bhliain sin;
- aon iarratais ar thoiliú a rinneadh faoi alt 22 (srianta fostaíochta iarthearma), agus na breitheanna go léir i dtaobh na n-iarratas sin, a rinneadh sa bhliain sin;
- aon chiontuithe i leith cionta faoi alt 20 sa bhliain sin; agus
- aon Fhógraí Íocaíochta Seasta a seirbheáladh faoi alt 21 sa bhliain sin.

Ní mór an fhaisnéis sin a thabhairt i bhfoirm nach gcumasaíonn na daoine lena mbaineann a aithint.

3.1 Cinntí faoi alt 14 den Acht

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar mhoill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá ina (h)iarratas ar chlárú nó ina t(h)uairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta. Is leagtha amach in Aguisín a Dó a ghabhann leis an Tuarascáil seo atá ról an Choimisiúin maidir le cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar mhoill a chur ar fhoilsiú.

Iarratais ar mhoill a chur ar fhoilsiú tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta

Fuarthas iarratas amháin go gcuirfí moill ar fhoilsiú tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta sa bhliain 2018. Fuarthas an t-iarratas ó ghnólacht dlí agus bhain sé le gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheol an gnólacht thar ceann trí cinn dá chuid cliant le linn na tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa 2018. Iarradh go gcuirfí moill ar an bhfoilsiú go dtí an 21 Márta 2019. Measadh gur faoi alt 14(1)(b) den Acht a rinneadh an t-iarratas. Dá bhrí sin, níor ceanglaíodh orainn dul i gcomhairle le haon Aire ina leith. Níor measadh é sin a bheith riachtanach ná cuí ach oiread.

Ba dheimhin leis an gCoimisiún go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go n-imreodh foilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta tionchar diúltach ar leasanna gnó na gcliant i gcoitinne, agus ar a leasanna gnó le soláthraithe/custaiméirí ar leith, agus go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go ndéanadh sé dochar mór do chor iomaíoch na gcliant agus iad i mbun caibidlí amach anseo. Ba dheimhin leis an gCoimisiún freisin nach raibh údar dóthanach ann ó thaobh leas an phobail de le sárú a dhéanamh ar an éifeacht dhíobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag foilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán ar na cliaint lena mbaineann. Chinn an Coimisiún, mar sin, go bhféadfaí moill a chur ar fhoilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta go dtí an 21 Márta 2019.

Bhí an bhreith sin le hathbhreithniú i mí na Nollag 2018. Tar éis dó an ní a athbhreithniú, ba dheimhin leis an gCoimisiún gurbh ann go fóill do na coinníollacha a bhí taobh thiar den bhreith bhunaidh uaithi moill a chur ar fhoilsiú.

3.2 Imscrúduithe faoi alt 19 den Acht

Tugtar le halt 19 d'údarás don Choimisiún imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar an Acht. Déantar faireachán ar ghníomhaíocht brústocaireachta neamhchláraithe trí leas a bhaint as faisnéis foinse oscailte, amhail ailt sna meáin, fógraí sna meáin shóisialta agus an reachtaíocht atá beartaithe, nó ar bhonn na ngearán nó na faisnéise a fhaigheann an Coimisiún.

Seoladh 26 imscrúdú sa bhliain 2018 chun fianaise a bhailiú ar ghníomhaíocht brústocaireachta neamhthuairiscithe nó neamhchláraithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Scoireadh de 13 cinn de na himscrúduithe sin le linn na bliana. I gcás na n-imscrúduithe sin, scoireadh de cheann amháin toisc gur thosaigh an duine lena mbaineann ag comhlíonadh an Achta ina dhiaidh sin agus scoireadh de cheann eile toisc go raibh an duine lasmuigh dár ndlínse. Bhí na 13 imscrúdú eile fós ar siúl ag deireadh na bliana.

3.3 Iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht

Foráiltear le halt 22 den Acht go mbeidh Airí den Rialtas, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh phoiblí shinsearacha arna bhforordú chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir tréimhse mharana aon bhliana tar éis dóibh an oifig a fhágáil. Is tréimhse é sin ar lena linn nach bhféadfaidh siad gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha agus nach bhféadfaidh siad bheith fostaithe ag duine, ná nach soláthróidh siad seirbhísí do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse marana iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún go ndéanfaí an tréimhse mharana a laghdú nó a tharscaoileadh. Is leagtha amach in Aguisín a Dó a ghabhann leis an tuarascáil seo atá tuilleadh faisnéise faoi fhorálacha alt 22 den Acht agus faoin ról atá ag an gCoimisiún faoi alt 22 den Acht.

Fuair an Coimisiún dhá iarratas ar thoiliú faoi alt 22 den Acht sa bhliain 2018.

Cás Uimh. 1

Bhíodh an t-iarratasóir ina chomhairleoir speisialta i roinn rialtais agus bhí sé ag iarraidh dul i mbun fostaíochta i bpost sinsearach le fostóir ionchasach a bhí cláraithe ar an gClár Brústocaireachta. Sheol an fostóir ionchasach gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin leis an roinn inar oibrigh an duine. D'iarr an t-iarratasóir go dtarscaoilfí na hocht mí dheireanacha den tréimhse mharana ionas go bhféadfadh sé dul i mbun an phoist.

Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric go raibh an t-iarratasóir ag iarraidh dul i mbun fostaíochta, laistigh de cheithre mhí ó d'fhág sé a phost i roinn rialtais, le cláraí a rinne brústocaireacht dhíreach rialta le déanaí leis an iarratasóir agus leis an roinn lena mbaineann. Ina theannta sin, tharla sé, ar roinnt tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chuir an cláraí isteach, gurbh é an t-iarratasóir an t-aon ionadaí amháin sa roinn a ndearna an cláraí brústocaireacht air i ndáil leis na hábhair ar leith a bhí i gceist.

Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric freisin gur tairgeadh an post don iarratasóir gan aon phróiseas iomaíoch a reáchtáil agus gur chosúil gur spriocdhírigh an cláraí ar an duine sin. Thug an cláraí fógra don Choimisiún gur dhóigh go leanfadh sé le brústocaireacht a dhéanamh ar an roinn le linn thréimhse mharana an iarratasóra i leith roinnt de na hábhair chéanna ar ina leith a rinneadh brústocaireacht ar an iarratasóir. Ba bheag amhras a bhí ar an gCoimisiún go mbainfeadh an cláraí tairbhe as an gcaidreamh agus as an eolas a d'fhorbair an t-iarratasóir le linn a chuid ama mar oifigeach poiblí ainmnithe.

Bhí an Coimisiún den tuairim gurbh é sin an cineál beacht cúinse a bhfuil sé mar aidhm le forálacha alt 22 den Acht é a rialú. Ag féachaint don ról a bhí ag an iarratasóir roimhe sin agus don ról a bhí beartaithe dó, ní raibh an Coimisiún den tuairim go bhfreastalófaí ar chuspóirí alt 22 den Acht nó ar leas an phobail tríd an tréimhse mharana a tharscaoileadh, mar a iarradh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh sé an t-iarratas.

Rinne an t-iarratasóir achomharc i gcoinne na breithe ón gCoimisiún ansin. Tarchuireadh an t-achomharc chuig oifigeach achomhairc neamhspleách. Sheas an t-oifigeach achomhairc leis an mbreith ón gCoimisiún. Ní dhearnadh aon achomharc chuig an Ard-Chúirt in aghaidh na breithe ón oifigeach achomhairc.

Cás Uimh. 2

Bhíodh an t-iarratasóir ina chomhairleoir speisialta i roinn rialtais agus bhí sé ag iarraidh dul i mbun fostaíochta le cláraí ar an gClár Brústocaireachta. Tairgeadh an post don iarratasóir tar éis próiseas iomaíoch agus bhí sé ag iarraidh go dtarscaoilfí na deich mí dheireanacha den tréimhse mharana.

Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric nár sheol an fostóir ionchasach aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin leis an iarratasóir ná le hiar-roinn an iarratasóra. Chuir an fostóir ionchasach in iúl nach raibh aon rún aige brústocaireacht a dhéanamh ar an roinn sin ná ar oifigigh phoiblí ainmnithe na roinne ach oiread. Ní rabhthas ag súil leis go nglacfaidh an t-iarratasóir páirt in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta toirmiscithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann lena iar-roinn nó lena iarchomhghleacaithe), ná nach dtabharfaidh sé aon chomhairle i leith na ngníomhaíochtaí sin, le linn na tréimhse marana. Ní raibh an tairiscint fostaíochta leis an duine ag brath ar an iarratasóir a bheith páirteach in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta den sórt sin le linn na tréimhse marana.

Chomhaontaigh an Coimisiún tarscaoileadh a dheonú i leith na deich mí dheireanacha den tréimhse mharana. Bhí an tarscaoileadh faoi réir roinnt coinníollacha, áfach, agus é mar aidhm leo a chinntiú nach bhféadfadh an t-iarratasóir gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh sna himthosca atá leagtha amach in alt 22. Ní bhfuarthas aon achomharc sa chás seo agus thug an t-iarratasóir fógra don Choimisiún ina dhiaidh sin nach raibh sé beartaithe aige glacadh leis an tairiscint fostaíochta a bhí i gceist.

Sárú ar alt 22 den Acht

I mí Iúil 2018, fuair an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis ó iarchomhairleoir speisialta faoi na hoibleagáidí fostaíochta iarthearma atá in alt 22 den Acht. Tugadh an fhaisnéis don oifigeach poiblí ainmnithe ansin agus ní bhfuarthas aon chomhfhreagras eile uaidh ina leith ag an am sin.

Fuarthas ríomhphost ón duine (nach raibh ina oifigeach poiblí ainmnithe a thuilleadh) ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2019. Chuir an t-iaroifigeach poiblí ainmnithe ceist faoi stádas an iarratais uaidh ar thoiliú faoi alt 22 den Acht, rud ar mhaígh sé gur sheol sé isteach é le ríomhphost i mí Dheireadh Fómhair 2018. Ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar aon taifead ar an ríomhphost agus ba dheimhin leis nach bhfuarthas an t-iarratas ar thoiliú. Cuireadh an duine ar an eolas faoi sin. Dheimhnigh an t-iaroifigeach poiblí ainmnithe ansin go ndeachaigh sé i mbun na fostaíochta thart ar an am a rinne sé iarratas ar thoiliú, dar leis.

Bhí fostóir nua an iaroifigigh phoiblí ainmnithe ar an gClár Brústocaireachta agus chuir sé tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach roimhe sin inar spriocdhírigh sé ar roinn an iaroifigigh phoiblí ainmnithe. Mar “oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí”, bhí toirmeasc ar an iaroifigeach poiblí ainmnithe faoi alt 22(1)(b) dul i mbun fostaíochta leis an eagraíocht sin ach amháin i gcás go bhfuair sé toiliú ón gCoimisiún. Ós rud é nach bhfuair sé an toiliú sin, sháraigh an duine an tAcht.

Fiú amháin i gcás go bhfuair an Coimisiún an t-iarratas ríomhphoist ar maíodh gur seoladh isteach é, tugadh faoi deara, bunaithe ar an gcomhfhreagras a fuarthas ón oifigeach poiblí ainmnithe, nach mbeadh dóthain ama ann breith a thabhairt maidir leis an iarratas sular thosaigh an t-oifigeach poiblí ainmnithe ag obair sa phost. Ina theannta sin, ní dhearna an t-oifigeach poiblí ainmnithe aon iarracht teagmháil a dhéanamh linn ná a chinntiú go bhfuair sé an toiliú sula ndeachaigh sé i mbun na fostaíochta. Cé nár thuairiscigh an fostóir nua aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin le hiar-roinn an oifigigh phoiblí ainmnithe, thug an Coimisiún faoi deara gur thosaigh an fostóir ag déanamh brústocaireacht ar an roinn sin sa tréimhse tuairiscithe chéanna inar thosaigh an t-oifigeach poiblí ainmnithe ag obair leis.

Thug an Coimisiún fógra don oifigeach poiblí ainmnithe gur mheas sé gur sháraigh an duine a chuid oibleagáidí reachtúla faoi alt 22 den Acht nuair a thosaigh sé an post nua agus go measann sé gur ní tromchúiseach é alt 22 den Acht a shárú. Scríobh an Coimisiún chuig an bhfostóir lena mbaineann agus tharraing sé aird an Aire ar an ní freisin. Níl an sárú á dhéanamh go fóill toisc gur fhág an duine an post nua ina dhiaidh sin.

Ba é sin an chéad chás inar tháinig an Coimisiún ar an eolas faoi shárú ar alt 22 den Acht. Ní leagtar aon smachtbhannaí síos san Acht i leith mainneachtain alt 22 a chomhlíonadh agus níl sé d'údarás ag an gCoimisiún sáruihte den sórt sin a imscrúdú nó a ionchúiseamh. San aighneacht uaidh i leith an chéad athbhreithnithe ar oibriú an Achta, mhol an Coimisiún go mbeadh sé ina chion faoin Acht alt 22(1) den Acht a shárú. Léiríonn an sárú thuas go soiléir an easpa cumhachta atá ann chun forálacha fostaíochta iarthearma an Achta a fhorfheidhmiú agus chun smachtbhannaí a fhorchur ar dhaoine a mhainníonn na forálacha sin a chomhlíonadh.

Tá an tAire chun tabhairt faoin dara hathbhreithniú ar an Acht níos déanaí i mbliana. Ag féachaint don sárú thuas, molfaidh an Coimisiún an athuir go gcuirfí sáruihte ar alt 22(1) den Acht leis an liosta sáruihte iomchuí a bhféadfar iad a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Foilsíú treorach

D'fhoilsigh an Coimisiún nóta treorach maidir le halt 22 den Acht le linn na bliana 2018. Tá an nóta treorach ar fáil ar lobbying.ie agus leagtar na nithe seo a leanas amach ann: ceanglais alt 22; ról agus próiseas cinnteoireachta an Choimisiúin i ndáil le hiarratais ar thoiliú; agus na critéir a d'fhéadfadh an Coimisiún a bhreithniú agus iarratas ar thoiliú á phróiseáil aige.

3.4 Ciontuithe i leith cionta faoi alt 20 den Acht

3.4(a) Cionta faoi alt 20(1) - Tuairisceáin dhéanacha

Foráiltear le halt 21 go bhféadfaidh an Coimisiún Fógra Íocaíochta Seasta €200 a sheirbheáil ar dhuine a chuir tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach go déanach. Má mhainníonn duine an pionós a íoc laistigh de thréimhse 21 lá, féadfaidh an Coimisiún é/í a ionchúiseamh sa chion a bhaineann le tuairisceán a chur isteach go déanach. Dlífeair, ar aon duine a chiontú go hachomair, fíneáil d'Aicme C (€2,500 faoi láthair) a chur air/uirthi.

Maidir leis na daoine a fuair Fógra Íocaíochta Seasta sa bhliain 2018, chomhlíon siad go léir an fógra a luaithe a cuireadh na hiarmhairtí in iúl dóibh. Níor tarchuireadh aon duine le haghaidh imscrúdú a dhéanamh orthu ná imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh ina leith. Dá bhrí sin, ní raibh aon chiontuithe ann faoin alt seo den Acht sa bhliain 2018.

Fógraí a eisíodh le linn na bliana 2018 i leith tuairisceán a chur isteach go déanach

An líon a eisíodh	I leith na dtréimhsí tuairisceáin sa bhliain 2018	I leith na dtréimhsí tuairisceáin sna blianta 2016 agus 2017	An líon a tarchuireadh lena n-ionchúiseamh
41	16	25	0

3.4(b) Cionta faoi alt 20(2) - Mainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach

Ceanglaítear ar chláraí tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear tuairisceán nialasach, a chur isteach faoin spriocdháta reachtúil. Is cion é mainneachtain déanamh amhlaidh agus dlífeair, ar dhuine a chiontú go hachomair, fíneáil uasta €2,500 a chur air/uirthi.

Eiseoidh an Coimisiún fógra chuig aon chláraí a mhainnigh tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach faoin spriocdháta agus tabharfar dhá sheachtain bhreise don duine chun an tuairisceán a chur isteach. Má mhainníonn an duine an tuairisceán a chur isteach faoin dáta sin, féadfaidh an Coimisiún an cion a ionchúiseamh faoi alt 20(2) den Acht.

Sa bhliain 2018, d'eisigh an Coimisiún 199 bhfógra san iomlán chuig cláraithe inar cuireadh iad ar an eolas go raibh sé beartaithe iad a ionchúiseamh murar chuir siad tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach.

Fógraí a eisíodh le linn na bliana 2018 i leith mainneachtain tuairisceán a chur isteach

An líon a eisíodh	I leith na dtréimhsí tuairisceáin sa bhliain 2018 (dhá thréimhse)	I leith na tréimhse tuairisceáin idir Meán Fómhair agus Nollaig 2017 (tréimhse amháin)
199	100	99

Tábla maidir le Comhlíonadh sa bhliain 2018¹

Tréimhse tuairisceán	An líon fógraí a eisíodh	An líon tuairisceán atá fós amuigh faoi láthair (neamhchomhlíonadh)
Tréimhse 1: Meán Fómhair – Nollaig 2017	99	2
Tréimhse 2: Eanáir – Aibreán 2018	51	2
Tréimhse 3: Bealtaine – Lúnasa 2018	49	5

Ionchúisimh le linn na bliana 2018 i leith mainneachtain tuairisceán a chur isteach

Ionchúisimh a tionscnaíodh	Ionchúisimh a réitíodh	Ionchúisimh atá ar siúl	Ionchúisimh ar scoireadh díobh
8	5	2	1

Féachann an Coimisiún le comhlíonadh a spreagadh ar an gcéad ásc. Laghdaíodh an líon comhad a tarchuireadh lena n-ionchúiseamh i mbliana a bhuí leis an ngníomhaíocht mhéadaithe cumarsáide agus for-rochtana a rinneadh le brústocairí cláraithe ag luathchéim den phróiseas, agus is gnách go dtosaíonn formhór na mbrústocairí ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí a luaithe a dhéanann an t-aonad imscrúduithe teagmháil leo. Ní ghlacann an Coimisiún cur chuige chomh trócaireach céanna, áfach, i leith brústocairí a mhainníonn arís agus arís eile tuairisceáin a chur isteach roimh an spriocdháta agus a mhainníonn a gcuid ceanglas a chomhlíonadh nó comhoibriú leis an gCoimisiún. Tionscnaíonn an Coimisiún imeachtaí ionchúisimh i gcásanna den sórt sin. Más rud é go gcomhoibríonn an brústocaire leis an gCoimisiún agus go mbaintear comhlíonadh amach, réiteofar an cás go ginearálta agus tarraingeofar na himeachtaí siar.

¹ Léirítear sna figiúirí seo a mhéid a comhlíonadh an oibleagáid atá ann tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach. Maidir leis na cláraithe a chuir tuairisceáin isteach go déanach, níor íoc siad go léir an pionós gaolmhar a ghearrtar i leith tuairisceán a chur isteach tar éis an spriocdháta.

I gcomparáid le blianta roimhe sin, is lú i bhfad an líon fógraí a d'eisigh an Coimisiún i leith tuairisceáin a chur isteach go déanach agus i leith mainneachtain tuairisceáin a chur isteach araon do na tréimhsí iomchuí sa bhliain 2018. Léiríonn sé sin an méid ama a chuir an Coimisiún isteach ar mhaithe le comhlíonadh a spreagadh. Léiríonn sé freisin na hiarrachtaí a rinneadh clárúithe nua agus clárúithe atá ann cheana a athbhreithniú chun a chinntiú, maidir le gach duine atá cláraithe, go bhfuil ceanglas orthu iarbhír bheith cláraithe. Má chreideann an Coimisiún go bhféadfadh nach mbeadh ceanglas ar aon duine clárú, déanfaidh sé teagmháil leis an gcláraí chun iarraidh air/uirthi ceanglais an Achta a athbhreithniú. Is é an toradh atá ar an gcur chuige sin go laghdaítear an méid ama agus acmhainní a chaitear ar chásanna neamhchomhlíonta a aimsiú.

3.5 Fógraí Íocaíochta Seasta a seirbheáladh faoi alt 21 den Acht

Is é is aidhm don chlár ar líne a chinntiú go n-eiseofar Fógra Íocaíochta Seasta go huathoibríoch chuig aon duine a chuireann tuairisceán isteach go déanach. San Fhógra Íocaíochta Seasta, cuirtear an duine ar an eolas nach mór dó/di an íocaíocht a dhéanamh laistigh de 21 lá.

Fógraí Íocaíochta Seasta a eisíodh sa bhliain 2018

An líon Fógraí Íocaíochta Seasta a eisíodh	An líon a bhain leis na tréimhsí iomchuí sa bhliain 2018	An líon a bhain le tréimhsí iomchuí eile	An líon a ícadh	An líon a cealaíodh	An líon a bhí gan íoc
522	270	252	437	70	15

Eisíodh 619 bhFógra Íocaíochta Seasta san iomlán i leith na dtrí thréimhse iomchuí roimhe sin (2017). Léirítear sna staitisticí seo gur tháinig méadú suntasach ar chomhlíonadh na spriocdhátaí le linn na bliana.

Tá gníomhaíochtaí forfheidhmithe ar siúl i leith na 15 Fhógra Íocaíochta Seasta a bhí gan íoc.

Cé gur chealaigh an Coimisiún roinnt Fógraí Íocaíochta Seasta, ní dhéanann sé amhlaidh de ghnáth ach sna cásanna seo a leanas:

- i gcás gur chuir fadhb theicniúil ar lobbying.ie cosc ar an duine tuairisceán a chur isteach in am;
- i gcás botún riaracháin, inar chuir an duine tuairisceán dúblach isteach don tréimhse mhícheart; agus/nó
- i gcás nach raibh ceanglas ar an duine clárú agus gur chláraigh sé/sí de bhotún.

3.6 Teagmháil maidir le “comhlachtaí iomchuí” agus an Cód Trédhearcachta

Gné riachtanach de cheapadh beartais phoiblí is ea fáil a bheith ag Airí agus ag comhlachtaí poiblí ar an saineolas, ar na scileanna agus ar an eolas atá ag daoine lasmuigh den tseirbhís phoiblí. Is minic a chuirtear an próiseas sin ar bhonn foirmiúil ach grúpaí oibre, lena n-áirítear tascfhórsaí, grúpaí comhairleacha agus coistí beartais etc., a bhunú chun díriú ar shaincheist bheartais ar leith nó ar shraith ar leith saincheisteanna gaolmhara.

I gcás go gcuimsíonn grúpa oibre ball amháin ar a laghad atá ina (h)oifigeach poiblí ainmnithe, is féidir go bhféachfar ar chumarsáidí ó dhaoine eile laistigh den ghrúpa mar ghníomhaíochtaí brústocaireachta i gcás go dtagann an duine faoi raon feidhme an Achta. Is féidir go gceanglófar ar an duine a dhéanann na cumarsáidí sin (nó ar an eagraíocht dá ndéanann sé/sí ionadaíocht) clárú agus tuairisceán maidir leis an ngníomhaíocht brústocaireachta sin a chur chuig an gClár.

Foráiltear le halt 5(5)(n) den Acht gur féidir go mbeidh cumarsáidí den sórt sin díolmhaithe ón gceanglas chun clárú i gcás go mbeidh an grúpa oibre ina “chomhlacht iomchuí” (mar atá sainmhínithe in alt 5(6) den Acht) a chloíonn le Cód Trédhearcachta arna fhoilsiú ag an Aire. Ceanglaítear leis an gCód Trédhearcachta ar an gcomhlacht poiblí a urraíonn an grúpa liosta de na baill den ghrúpa agus téarmaí tagartha, cláir oibre agus miontuairiscí cruinnithe an ghrúpa a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin. I gcás nach gcloífadh grúpa leis na critéir sin, is féidir go gceanglófar ar na baill den ghrúpa clárú agus tuairisceáin maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chur isteach. Dá bhrí sin, tá sé chun leas na mball go gcloífeadh an grúpa leis an gCód.

Ar a shuíomh Gréasáin, coinníonn an Coimisiún “stór” de na comhlachtaí iomchuí sin a chloíonn leis an gCód Trédhearcachta.

Le linn na bliana 2018, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfaisnéis atá foilsithe ag comhlachtaí poiblí i ndáil leis na “comhlachtaí iomchuí” a thagann faoina gcoimirce. Maidir leis an 71 chomhlacht phoiblí a bhfuil oifigigh phoiblí ainmnithe fhorordaithe acu, fuair an Coimisiún amach nach bhfuil faisnéis foilsithe ach ag 12 cheann díobh i ndáil le comhlachtaí iomchuí (Seacht Roinn Rialtais; Trí chomhlacht phoiblí eile; agus Dhá Údarás Áitiúla). I gcásanna áirithe, níor chomhlíon an fhaisnéis sin ceanglais an Chóid Trédhearcachta ina n-iomláine.

Tá an Coimisiún den tuairim gur mó i bhfad an líon comhlachtaí iomchuí atá i mbun oibre ná an líon comhlachtaí atá á dtuairisciú ar shuíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí. Dá bhrí sin, is dóigh go bhfuil na comhlachtaí sin ag oibriú lasmuigh den Chód Trédhearcachta. Is féidir go gceanglófar ar bhaill sheachtracha de na comhlachtaí sin cuntas a thabhairt ar na “gníomhaíochtaí brústocaireachta” a sheolann siad mar bhaill den ghrúpa. Bhuaile foireann an Choimisiúin le Coiste Corparáideach an Chumainn Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach ar mhaithe leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Iarracht a dhéanamh go ndéanfaidh Údaráis Áitiúla tagairt d’fhorálacha an Achta agus don treoir ón gCoimisiún maidir le próisis chomhairliúcháin phoiblí a chur ar áireamh ina bpróiseas comhairleach ar Phleananna Forbartha.
2. A chinntiú go bhfuil na baill sheachtracha de Choistí Údaráis Áitiúil um Beartais Straitéiseacha ar an eolas faoi cheanglais an Achta, lena n-áirítear an fhíríc gur féidir go mbeidh oibleagáid ar an gCoiste clárú i gcás go ndéantar cumarsáidí laistigh de; agus
3. Aird a tharraingt ar an díolúine atá ar fáil do “chomhlachtaí iomchuí” a chomhlíonann an Cód Trédhearcachta agus ar an bhfeidhm atá ag an díolúine sin maidir le Coistí um Beartais Straitéiseacha agus maidir le Coistí eile Údaráis Áitiúil.

Le linn na bliana 2018, scríobh an Coimisiún ar leithligh chuig roinnt údarás áitiúil freisin maidir leis an moladh a rinne Transparency International go ndéanfaidh gach údarás áitiúil sonraí faoina n-ionadaithe tofa (nó nasc chuig leathanach a n-ionadaithe tofa) a chur ar áireamh ar a leathanach ar Bhrústocaireacht a Rialáil. Tá an fhaisnéis sin á soláthar ag gach údarás áitiúil anois.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuilleadh teagmhála a dhéanamh le comhlachtaí poiblí maidir lena gcomhlachtaí iomchuí agus maidir leis an gCód Trédhearcachta le linn na bliana 2019.

3.7 Faisnéis faoi Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ar shuíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí

Ceanglaítear leis an Acht go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí a bhfuil oifigigh poiblí ainmnithe arna gceapadh faoi alt 6 den Acht acu liosta cothrom le dáta dá n-oifigigh poiblí ainmnithe a fhoilsiú. Tugtar ar lobbying.ie naisc chuig na leathanaigh iomchuí ar shuíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí.

I mí na Samhna 2018, scríobh an Coimisiún chuig gach comhlacht poiblí a bhfuil oifigigh poiblí ainmnithe fhorordaithe acu agus d'iarr sé orthu na bearta seo a leanas a dhéanamh:

1. Leathanach ar “Bhrústocaireacht a Rialáil” a chruthú sa rannán Maidir Linn ar a suíomh Gréasáin.
2. Sonraí faoi oifigigh poiblí ainmnithe an chomhlachta, lena n-áirítear ainm an oifigigh agus an post a shealbhaíonn sé/sí, a fhoilsiú ar an leathanach sin agus aon “chomhlachtaí iomchuí” a oibríonn faoin gCód Trédhearcachta a shainaithint air.
3. An fhaisnéis a cheanglaítear faoin gCód Trédhearcachta a fhoilsiú do gach comhlacht den sórt sin.
4. Seoladh/URL beacht an leathanaigh a thabhairt don Choimisiún chun gur féidir leis an gCoimisiún naisc chuig an leathanach sin a thabhairt ar an stór lárnach ar lobbying.ie.
5. Duine idirchaidrimh a ainmniú, a bheidh freagrach as an leathanach ar Bhrústocaireacht a Rialáil a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta.

Iarrtar ar chomhlachtaí poiblí an fhaisnéis atá tugtha ar a leathanach ar Bhrústocaireacht a Rialáil maidir lena n-oifigigh poiblí ainmnithe agus maidir lena gcomhlachtaí iomchuí a sheiceáil agus a thabhairt cothrom le dáta ag deireadh gach tréimhse tuairisceán.

3.8 Iniúchadh ar nósanna imeachta agus oibríochtaí brústocaireachta an Choimisiúin

Cuireann Oifig an Ombudsman seirbhísí comhroinnte ar fáil don Choimisiún. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ina chuid de thimpeallacht rialaithe Oifig an Ombudsman. Tá sé de chúram air comhairle neamhspleách a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir lena oiriúnaí agus lena láidre atá na córais agus nósanna imeachta um rialú inmheánach atá i bhfeidhm ag an eagraíocht. Is é an tOifigeach Cuntasaíochta d'Oifig an Ombudsman an tOifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún freisin.

Ar iarraidh a fháil ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, iarradh ar na hiniúcháirí seachtracha don Choiste (Anne Brady McQuillan DFK) sa bhliain 2018 athbhreithniú iniúcháireachta inmheánaí a dhéanamh ar na nósanna imeachta riaracháin a bhí ag gabháil le gníomhaíochtaí oibríochta agus reachtúla an Choimisiúin maidir le brústocaireacht.

Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta atá oiriúnach agus láidir i bhfeidhm chun oibleagáidí an Choimisiúin faoin Acht a chomhlíonadh. Cloítear leis na beartais agus na nósanna imeachta sin agus cuirtear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach. Chomh maith leis sin, is ar bhealach láidir comhsheasmhach a thugtar breitheanna. Is éasca le húsáid atá na córais teicneolaíochta faisnéise atá i bhfeidhm agus tá an-eolas ag baill foirne ar na freagrachtaí agus na hoibleagáidí atá ar an gCoimisiún faoin reachtaíocht. Cinneadh san iniúchadh gur réasúnach a bhí na rioscaí foriomlána.

Caibidil a Ceathair:

Cumarsáid agus
For-rochtain



Caibidil a Ceathair

Cumarsáid agus For-rochtain

4.1 Gníomhaíochtaí for-rochtana

4.1(a) An cruinniú tionscnaimh de chuid an Líonra Rialálaithe Brústocaireachta Eorpacha

Le blianta beaga anuas, tá reachtaíocht nua á rith nó á beartú ag roinnt dlínsí san Eoraip chun brústocaireacht a rialáil. Mar thoradh ar an bhfíric go bhfuil leasanna comhchoiteanna ag rialálaithe sa réimse um brústocaireacht a rialáil agus chun aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an dea-chleachtas a mhalartú, d'fhéach an Coimisiún le Líonra Cláraitheoirí Brústocaireachta Eorpacha a chur ar bun. Bhí áthas ar an gCoimisiún an chéad chruinniú de chuid an Líonra a óstáil an 22 Márta 2018. D'fhreastail cláraitheoirí brústocaireachta ó dhlínsí éagsúla san Eoraip ar an gcruinniú, lena n-áirítear an Ostair, an tAontas Eorpach, an Fhrainc, an Liotuáin, Albain, an Ríocht Aontaithe, agus Éire.

Bhí an cruinniú ina dhea-fhóram le haghaidh eispéiris agus dea-chleachtais a mhalartú. Thoiligh roinnt de na rialálaithe brústocaireachta a d'fhreastail ar an ócáid le láithreoiríochtaí a thabhairt. Chomh maith leis sin, thug an Dr Raj Chari, Coláiste na Tríonóide, agus an Dr Michele Crepaz, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, láithreoiríocht ina ndearnadh anailís chomparáideach ar chórais idirnáisiúnta bhrústocaireachta. Ag teacht sna sála ar an ócáid rathúil, chomhaontaigh gach rannpháirtí leis an Líonra a bhunú mar thionscnamh leanúnach. Tá sé beartaithe ócáid bhliantúil eile a chur ar siúl sa bhliain 2019. Is é ball eile den ghrúpa a óstálfaidh í.

4.1(b) For-rochtain d'earnálacha tábhachtacha

Sa bhliain 2018, rinneadh anailís ar an gClár chun measúnú a dhéanamh ar an ionadaíocht a dhéantar d'earnálacha éagsúla ar an gClár. Thug an Coimisiún dá aire gur cosúil go bhfuil leibhéil chlárúcháin atá níos ísle ná mar a bhíodas ag súil leis ag dhá earnáil thábhachtacha, mar atá an earnáil forbartha réadmhaoine/foirgníochta agus an earnáil seirbhísí dlí.

Maidir leis an earnáil forbartha réadmhaoine, b'amhlaidh, ag an am a rinneadh an anailís, go raibh 77 n-eagraíocht ann a roghnaigh “foirgníocht” mar chatagóir dóibh ina gclárú, go raibh 42 eagraíocht ann a roghnaigh “pleanáil agus forbairt” agus go raibh 31 eagraíocht ann a roghnaigh “eastát réadach/réadmhaoine”. Mar thoradh ar an ard-dóchúlacht go mbeadh bail de na hearnálacha sin i dteagmháil rialta le hOifig Phoblí Ainmnithe le linn a gcuid oibre, go háirithe i dtaca le talamh a chríosú agus a fhorbairt, bhí imní ar an gCoimisiún go raibh an earnáil forbartha réadmhaoine faoi ghannionadaíocht ar an gClár. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, le Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann, le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus le Tionscal Réadmhaoine Éireann (cumann earnála de chuid Ibec) d'fhoill for-rochtain spriocdhírith a éascú dá gcuid ball agus comhpháirtithe trí shásraí éagsúla a bhunú, atá le cur chun feidhme sa bhliain 2019.

Maidir leis an earnáil dlí, taispeánadh in anailís gur chláraigh 2,459 ngnólacht dlí le Dlí-Chumann na hÉireann. Níor chláraigh ach 24 cinn de na gnólachtaí dlí sin (1%) ar an gClár. (Féach Aguisín a Trí le haghaidh miondealú geografach a fháil ar an ionadaíocht a dhéantar don earnáil dlí ar an gClár). Cé go dtugann an Coimisiún dá aire go bhfuil leibhéal measartha ard clárúcháin ann i measc gnólachtaí móra i mBaile Átha Cliath, tá na leibhéil chlárúcháin lasmuigh den phríomhchathair níos ísle ná mar a bheifí ag súil leis, ós rud é go bhféadfaidh aturnaetha teagmháil a dhéanamh thar ceann a gcliant. Tá an Coimisiún ag obair le Dlí-Chumann na hÉireann ón uair sin i leith chun for-rochtain spriocdhírthe a sheoladh dá chuid ball. Eisíodh litir chuig gach ball cláraithe den Chumann i mí na Nollag 2018. Leagadh béim inti ar cheanglais na reachtaíochta. Foilsíodh an litir ar shuíomh Gréasáin agus blog an Chumainn freisin.

4.1(c) Gníomhaíochtaí Ginearálta For-rochtana

Ar leibhéal idirnáisiúnta, thug an Ceann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil láithreoireacht ar Chlár Brústocaireachta na hÉireann don Network for Integrity i bPáras, an Fhrainc, i mí an Mhárta 2018. Chomh maith leis sin, tugadh cuireadh do Sherry Perreault Uas. láithreoireacht a thabhairt thar ceann an Choimisiúin ag comhdháil brústocaireachta agus trédhearcachta a reáchtáil LobbyNet, eagraíocht sochaí sibhialta, i mBeirlín.

Tá an Coimisiún ina bhall den Chomhairle um Dhlíthe Eitice Rialtais (COGEL) go fóill. Rinneadh ionadaíocht dó ag Comhdháil Bhliantúil COGEL i mí na Nollag 2018.

Mar chuid dá straitéis cumarsáide ghinearálta, thug an Coimisiún roinnt láithreoireachtaí sa bhliain d'eagraíochtaí amhail Cumann na Sainchomhairleoirí Caidrimh Phoiblí, Lónra na hÉireann um Ghníomhaíocht an Phobail ar Alcól, agus Ceardlann Rialachais Community Platform. De bhreis air sin, d'óstáil an Coimisiún roinnt seisiún faisnéise oscailte do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta.

4.2 Uirlisí faisnéise agus acmhainní

Foráiltear le halt 17 den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint agus faisnéis a chur ar fáil chun feasacht agus tuiscint ar an Acht a chur chun cinn. D'fhoilsigh an Coimisiún sraith treoirlínte ar a shuíomh Gréasáin cheana féin. Tá siad sainoiriúnaithe do pháirtithe éagsúla a bhfuil leas acu san Acht. Athraítear chun dáta iad de réir mar is cuí.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte athbhreithnithe do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na treoirlínte uaidh maidir leis an mbrústocaireacht i dtaca le criosú agus forbairt talún a athrú chun dáta agus a athbhreithniú sa bhliain 2019. Anuas air sin, foilseoidh an Coimisiún treoir athbhreithnithe d'oifigigh phoiblí ainmnithe, treoir athbhreithnithe do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEanna, agus treoir athbhreithnithe do Chomhaltaí Údaráis Áitiúil. Foilseofar iad sin tar éis na dtoghchán Eorpach agus na dtoghchán Údaráis Áitiúil a chuirfear ar siúl sa bhliain 2019.

Ar rannán Ceisteanna Coitianta den suíomh Gréasáin, pléitear réimsí sonracha den reachtaíocht. Déanann eispéireas an Choimisiúin eolas dó. Rinneadh leagan amach an doiciméid Cheisteanna Coitianta a athbhreithniú agus a athrú chun dáta sa bhliain 2018 chun é a dhéanamh níos áisiúla don úsáideoir. D'fhoilsigh an Coimisiún roinnt Ceisteanna Coitianta nua agus athraithe chun dáta sa bhliain 2018 freisin.

D'fhoilsigh an Coimisiún roinnt nótaí teorach sonracha sa bhliain 2018:

- Fógra faisnéise do Choistí um Beartais Straitéiseacha, do Ghrúpaí Comhairleacha, do Thascfhórsaí, etc., maidir leis an gcumarsáid dhíolmhaithe faoi alt 5(5)(n) den Acht, rud a bhfuil feidhm aige maidir le “comhlachtaí iomchuí” a oibríonn i gcomhréir leis an gCód Trédhearcachta.
- Nóta faisnéise maidir leis na ceanglais atá ar chomhlachtaí poiblí faisnéis áirithe a bhaineann lena n-oifigigh phoiblí ainmnithe agus le “comhlachtaí iomchuí” a fhoilsiú. Leagtar amach sa nóta faisnéise sin na bearta a d'iarr an Coimisiún ar chomhlachtaí poiblí a dhéanamh chun a chinntiú go mbeadh cur chuige aonfhoirmeach ann i leith faisnéis maidir le hoifigigh phoiblí ainmnithe agus le “comhlachtaí iomchuí” a chur i láthair.
- Nóta teorach maidir le halt 22 den Acht – an tréimhse “mharana”.

A photograph of three people walking down a modern staircase. A man with glasses and a beard is in the center, wearing a dark blazer over a white shirt. To his left, a woman with blonde hair is walking down. To his right, a woman with dark hair is walking down. The image has a purple tint and a white text box on the left side.

Caibidil a Cúig:

Príomh-
Shaincheistean
sa bhliain 2019
agus na Chéad
Chéimeanna Eile

Caibidil a Cúig

Príomh-Shaincheisteanna sa bhliain 2019 agus na Chéad Chéimeanna Eile

5.1 An dara hathbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil

Foráiltear le halt 2 den Acht go mbeidh an tAcht faoi réir athbhreithniú tar éis na chéad bhliana agus gach trí bliana ina dhiaidh sin. Tá athbhreithnithe le treorú ag an Aire, a gceanglaítear air/uirthi dul i gcomhairle leis na príomh-gheallsealbhóirí, an Coimisiún san áireamh. Rinneadh an chéad athbhreithniú ar an Acht sa bhliain 2016. Tá an dara hathbhreithniú le tosú roimh an 1 Meán Fómhair 2019.

Beidh an Coimisiún ag déanamh aighneacht a bheidh bunaithe ar an taithí atá gnóthaithe aige le linn dó an tAcht a riar. Foilseofar an aighneacht sin ar lobbying.ie. Cé go measann an Coimisiún go bhfuil ag éirí leis an Acht, tríd is tríd, shainaithin sé roimhe seo roinnt réimsí a bhféadfadh go rachadh leasú nó soiléiriú orthu chun tairbhe don Acht. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na moltaí roimhe uaidh agus, má mheasann sé go bhfuil siad iomchuí fós, cuirfidh sé na moltaí sin (agus aon mholtaí nua) ar áireamh san aighneacht uaidh i leith an dara hathbhreithniú ar an Acht.

5.2 Tuilleadh teagmhála le comhlachtaí poiblí maidir le “comhlachtaí iomchuí”

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint sa bhliain 2019 le cumarsáid a dhéanamh le comhlachtaí poiblí chun an líon comhlachtaí iomchuí atá ag cloí leis an gCód Trédhearcachta a mhéadú.

5.3 Cáilíocht na dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta

Mar atá luaite i gCaibidil 1, rinne an Coimisiún iarracht chomhbheartaithe sa bhliain 2018 a chinntiú go seiceálfaí gach tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta chun go gcomhlíonfadh siad oibleagáidí an Achta. D'fhoilsigh an Coimisiún ar a shuíomh Gréasáin liosta de ghaistí coitianta atá le seachaint agus tuairisceán á chur isteach. Leanfaidh sé sa bhliain 2019 le hobair i gcomhar le cláraithe chun a chinntiú gur soiléir agus fiúntach atá an fhaisnéis atá á cur ar áireamh acu ina dtuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta.

5.4 Athbhreithniú ar an gCód lompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta

Tá gealltanús tugtha ag an gCoimisiún go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar an gCód gach trí bliana, ar aon dul leis na hathbhreithnithe reachtúla atá sceidealta ar an Acht. Ós rud é go bhfuil an dara hathbhreithniú ar an Acht le déanamh sa bhliain 2019, cuirfidh an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar an gCód lompair, a luaite a fhoilsítear an tuarascáil ar an dara hathbhreithniú ar an Acht.

A photograph of a woman and a man walking outdoors, smiling and engaged in conversation. The woman, on the left, has short blonde hair and is wearing a dark blazer over a white polka-dot top and dark trousers. She is holding a smartphone in her right hand. The man, on the right, has dark hair and is wearing a dark suit, a white shirt, and a patterned tie. He is gesturing with his hands as he speaks. The background is a blurred outdoor setting. A semi-transparent white hexagonal shape is overlaid on the left side of the image, containing the text.

Caibidil a Sé:

Moltaí le haghaidh
Athruithe

Caibidil a Sé

Moltaí le haghaidh Athruithe

6.1 Moltaí a rinneadh roimhe seo

Moladh roinnt athruithe san aighneacht ón gCoimisiún don chéad athbhreithniú ar an Acht, arbh athruithe iad, i dtuairim an Choimisiúin, lena neartófaí an tAcht agus lena gcabhrófaí leis an Acht a shoiléiriú dá gcuirfí chun feidhme iad.

I gCaibidil a Sé den tuarascáil bhliantúil uaidh don bhliain 2017, rinne an Coimisiún roinnt moltaí le haghaidh réimsí ar mheas sé go bhféadfaí na forálacha reachtacha a shoiléiriú nó a leasú iontu, eadhon i dtaca le forálacha fostaíochta iarthearma alt 22 a neartú agus i dtaca lena bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart forálacha an Achta a shrianadh i ndáil le criosú agus le forbairt.

Ba mhaith leis an gCoimisiún béim a leagan an athuair ar an moladh uaidh gur cheart sáruihte ar alt 22(1) den Acht a chur leis an liosta de sháruihte iomchuí in alt 18 den Acht agus gur cheart údarás a thabhairt don Choimisiún sáruihte den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

6.2 Moltaí a fuarthas le linn comhairliúcháin ar an gCód lompair

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an gCód lompair, fuair an Coimisiún roinnt tuairimí agus moltaí nár bhain go sonrach leis an dréacht-Chód lompair. Tríd is tríd, bhain siad le saincheisteanna eile a bhaineann leis an Acht agus lena cheanglais. Tá na tuairimí/na moltaí sin ar áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún ar an bpróiseas comhairliúcháin ar an gCód lompair agus, i gcás inarb iomchuí, tarraingíodh aird na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe orthu.

Conclúid

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le sainaithint a dhéanamh ar na deiseanna atá ann feasacht faoin Acht agus tuiscint air a mhéadú ar mhaithe le comhlíonadh a chur chun cinn. Agus riar éifeachtach an Achta á chinntiú aige, féachfaidh an Coimisiún le trédhearcacht agus le dea-rialachas a chothú sa saol poiblí in Éirinn.

Aguisín a hAon:

Cód Iompair
do dhaoine a sheolann
gníomhaíochtaí
brústocaireachta

2018 CÓD
IOMPAIR

DO DHAOINE A SHEOLANN
GNÍOMHAÍOCHTAÍ
BRÚSTOCAIREACHTA

FOILSITHE AG AN GCOMISIÚN UM
CHAIIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ 2018
LE HÉIFEACHT ÓN 1 Eanáir 2019



Aguisín a hAon

Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta

Tabhair faoi deara: Tá an Cód ar fáil mar leabhrán freisin ar lobbying.ie.

Réamhrá

Faoi alt 16 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (an tAcht), féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) Cód Iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta “*d’fhonn ardchaighdeáin ghairmiúla agus dea-chleachtas a chur chun cinn*”.

Is é cuspóir an Chóid seo iompraíocht na ndaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a rialú. Mar gheall ar an éagsúlacht agus an raon daoine a d’fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an Achta, cruthaítear dúshláin maidir le sraith prionsabal comhroinnte a shainiú ar a bhféadfaí aon chód iompair a bhunú. Féadfaidh feidhm a bheith ag forálacha an Achta maidir le fostóirí; maidir le comhlachtaí ionadaitheacha nó tathanta; maidir le brústocairí gairmiúla nó tríú páirtithe a bhfuiltear ag íoc leo chun cumarsáid a dhéanamh thar ceann cliaint nó duine eile; agus, rud suntasach, maidir le haon duine a dhéanann cumarsáid faoi thalamh a fhorbairt nó a chríosú. Dá bharr sin, tá seans ann go mbeidh daoine nach measfadh ar shlí eile gur brústocairí iad ag seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta agus go mbeidh ceanglas orthu clárú.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim, áfach, go leagtar amach sa Chód seo prionsabail a fhéadfar a chur i bhfeidhm go cothrom i leith brústocairí gairmiúla agus i leith fostóirí, comhlachtaí ionadaitheacha/tathanta agus daoine aonair araon, ar prionsabail iad a chumasóidh daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta gabháil do na gníomhaíochtaí sin ar bhealach trédhearcach eiticiúil.

Níl sé i gceist go ngabhfadh an Cód seo in ionad aon cheanglais atá ar dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta an tAcht a chomhlíonadh nó aon reachtaíocht eile, aon chód iompair gairmiúil nó aon rialacha agus rialacháin tionscail a bhfuil feidhm acu maidir leis/léi a chomhlíonadh.

Tiocfaidh an Cód i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019. Déanfar athbhreithniú ar an gCód gach trí bliana, ar aon dul leis na hathbhreithnithe reachtúla ar an Acht dá bhforáiltear in alt 2 den Acht.

Brollach

Tugann cuid mhór daoine agus eagraíochtaí faoi ghníomhaíochtaí brústocaireachta agus is i dtaca le raon leathan nithe a dhéanann siad amhlaidh. Tá gníomhaíochtaí brústocaireachta ina mbealach dlisteanach chun rochtain a fháil ar institiúidí parlaiminteacha, rialtais agus bardasacha. Cuireann gníomhaíochtaí brústocaireachta le cinnteoireacht eolach i measc oifigigh phoiblí thofa agus cheaptha.

Treisítear dlisteanacht na brústocaireachta nuair a sheoltar gníomhaíochtaí brústocaireachta ar bhealach trédhearcach eiticiúil. Chun tacú le cuspóirí an Achta chun trédhearcacht agus seoladh cuí gníomhaíochtaí brústocaireachta a chothú, leagtar amach sa Chód Iompair seo roinnt prionsabal ar dá réir ba cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta iad féin a rialú le linn dóibh gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh. Is iad seo a leanas na prionsabail sin:

1. Meas ar chomhlachtaí poiblí a léiriú;
2. Gníomhú le macántacht agus le hionracas;
3. Cruinneas faisnéise a chinntiú;
4. Aitheantas agus cuspóir na ngníomhaíochtaí brústocaireachta a nochtadh;
5. Rúndacht a choimeád;
6. Tionchar míchuí a sheachaint;
7. Forálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil a chomhlíonadh; agus
8. Aird a thabhairt ar an gCód Iompair.

Cé go rialaítear leis an Acht cumarsáidí le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe (is iad sin, Airí, Airí Stáit, comhairleoirí Airí, ionadaithe tofa agus seirbhísigh phoiblí shinsearacha áirithe), ba cheart feidhm a bheith ag prionsabail an Chóid maidir le gach cumarsáid le daoine in oifig phoiblí, cibé acu atá siad forordaithe chun críocha an Achta nó nach bhfuil.

I dteannta an Chóid Iompair seo agus na rialachán, na dtreoirínte agus na gcaighdeán iompair gaolmhar is infheidhme maidir le Sealbhóirí Oifige, ionadaithe tofa agus seirbhísigh phoiblí, is é aidhm an Achta a chinntiú go seolfar gníomhaíochtaí brústocaireachta de réir ionchais an phobail ó thaobh trédhearcachta agus ionracais de agus go ndéanfar cinntí chun leas an phobail. D'fhéadfadh gur mhian le daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta aird a bheith acu freisin ar ábhar teorach eile i dtaca leis an Acht arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeán; ar an gCód Trédhearcachta arna fhoilsiú ag an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; ar an mBeartas Cosanta Sonraí ón gCoimisiún um Chaighdeán; agus ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

Cód Iompair

Beidh aird ag daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta ar na prionsabail seo a leanas:

1. Meas ar Chomhlachtaí Poiblí a Léiriú

Ba cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta gníomhú ar bhealach a léiríonn meas ar an bpróiseas daonlathach, ar institiúidí daonlathacha agus ar chomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear an dualgas atá ar oifigigh phoiblí thofa agus ar oifigigh phoiblí eile fónamh ar mhaithe le leas an phobail. Níor cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta gníomhú ar bhealach a léiríonn dímhéas ar an bpróiseas daonlathach, ar institiúidí daonlathacha nó ar chomhlachtaí poiblí agus níor cheart dó/di brú míchuí a chur go díreach nó go hindíreach ar oifigeach poiblí tofa nó ceaptha.

Níor cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta bheith ag súil le rochtain nó cóir fhabhrach a fháil ó oifigigh phoiblí bunaithe ar aitheantas an duine nó ar chaidreamh roimhe nó caidreamh atá ann cheana leis an oifigeach poiblí tofa nó ceaptha. Níor cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta féachaint le mí-úsáid nó sochar a bhaint as aon chaidreamh den sórt sin.

Níor cheart do dhuine a bhfuil rochtain fhabhrach nó eisceachtúil aige/aici ar oifigigh thofa nó phoiblí, de bhua a b(h)allraíochta de Choiste, de Ghrúpa Comhairleach, de Thascfhórsa etc., a b(h)allraíocht a úsáid chun a iarraidh go gcaithfí go fhabhrach leis/léi féin nó leis an eagraíocht/leis an gcomhlacht dá bhfuil sé/sí ag déanamh ionadaíocht.

2. Gníomhú le Macántacht agus le hIonracas

Ba cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta gach caidreamh le comhlachtaí poiblí agus le hoifigigh phoiblí thofa nó cheaptha a sheoladh le macántacht agus le hionracas. Níor cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta féachaint le faisnéis a fháil nó le tionchar a imirt ar chinntí ar bhealach mímhacánta nó trí úsáid a bhaint as modhanna míchuí nó as tionchar míchuí. Ba cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a gcás a dhéanamh gan faisnéis a mhí-ionramháil nó a chur i láthair ar bhealaí a d'fhéadfaí a mheas a bheith mímhacánta, míthreorach nó bréagach.

Níor cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta maíomh atá míthreorach, áibhéalta nó áiféiseach a dhéanamh go feasach faoi chineál nó méid a rochtana ar oifigigh phoiblí thofa nó cheaptha agus níor cheart dóibh míléiriú a thabhairt air sin ar shlí eile.

Ba cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta aon iompar nó aon chleachtais a sheachaint ar dóigh dóibh míchlú a tharraingt orthu féin, ar na daoine a ndéanann siad ionadaíocht dóibh nó ar na comhlachtaí poiblí a ndéanann siad teagmháil leo. Mar shampla, daoine a bhfuil caidreamh pearsanta nó teaghlaigh acu nó daoine a d'oibrigh le chéile ar fheachtais toghcháin.

3. Cruinneas Faisnéise a Chinntiú

Ba cheart do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta gach beart réasúnach a dhéanamh chun iad féin a shásamh gur faisnéis chruinn fhíorasach í an fhaisnéis a sholáthraíonn siad do chomhlachtaí poiblí nó d'oifigigh phoiblí tofa nó cheaptha.

Más rud é go measann duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta go bhfuil athrú ábhartha ann i bhfaisnéis fhíorasach a soláthraíodh roimhe agus go gcreideann an duine sin go bhfuil an comhlacht poiblí nó an t-oifigeach poiblí tofa nó cheaptha ag brath go fóill ar an bhfaisnéis roimhe, ba cheart don duine, a mhéid is indéanta, faisnéis chruinn nuashonraithe a sholáthar don chomhlacht poiblí nó don oifigeach poiblí tofa nó cheaptha.

Ar mhaithe le trédhearcacht, moltar do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta aon fhaisnéis a úsáideadh chun tacú lena ngníomhaíochtaí brústocaireachta a chur ar fáil go poiblí, nuair is féidir.

4. Aitheantas agus Cuspóir na nGníomhaíochtaí Brústocaireachta a Nochtadh do Chomhlachtaí Poiblí agus d'Oifigigh Thofa nó Cheaptha

Ba cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a (h)ainm féin agus, nuair is infheidhme, ainm an chomhlachta nó na gcomhlachtaí dá n-oibríonn sé/sí a thabhairt i ngach cás. I gcás go seolfaidh duine gníomhaíochtaí brústocaireachta thar ceann cliaint nó duine eile, ba cheart don duine a sheolann na gníomhaíochtaí brústocaireachta aitheantas an chliaint nó an duine eile, cineál an chaidrimh atá aige/aici leis an duine nó leis an eagraíocht sin agus leasanna an chliaint/na heagraíochta sa ní a nochtadh.

Níor cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta aitheantas aon chliaint, aon ghnólachta nó aon eagraíochta a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige/aici dá leasanna a cheilt nó iarracht a dhéanamh an t-aitheantas sin a cheilt.

Ba cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta an t-oifigeach poiblí tofa nó cheaptha a chur ar an eolas i ngach cás faoi aon leasanna pearsanta atá aige/aici sa ní. Ba cheart don duine na cuspóirí nó na haidhmeanna a chuireann sé/sí chun cinn (nó cuspóirí nó aidhmeanna an chliaint a ndéanann sé/sí ionadaíocht dó) agus cuspóir agus torthaí beartaithe na cumarsáide a chur in iúl go soiléir.

5. Rúndacht a Choimeád

Níor cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta aon fhaisnéis rúnda a fuarthas ó chomhlacht poiblí nó ó oifigeach poiblí tofa nó ceaptha a úsáid nó a nochtadh ach amháin ar an mbealach a comhaontaíodh leis an gcomhlacht/leis an oifigeach agus ar shlí atá ag teacht leis an gcuspoir ar chuige a comhroinneadh an fhaisnéis.

Níor cheart do bhrústocaire gairmiúil nó do thríú páirtí a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta thar ceann daoine eile faisnéis rúnda a fuarthas le linn a g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta a úsáid chun aon chuspóra seachas na cuspóirí sin a thagann faoina s(h)ainordú. Níor cheart dó/di faisnéis rúnda a sceitheadh faoina c(h)liant ach amháin i gcás go bhfuair sé/sí toiliú feasach ón gcliant nó i gcás go gceanglaítear air/uirthi le dlí an fhaisnéis sin a nochtadh.

6. Tionchar Míchuí a Sheachaint

Níor cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta féachaint, le linn a g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta, le braistint oibleagáide a chur ar an oifigeach tofa nó ceaptha trí bhronntanais nó fáilteachas a thairiscint don oifigeach.

Níor cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta braistint oibleagáide a chur ar oifigigh phoiblí thofa nó cheaptha nó iad a chur i gcor coinbhleachta leasa trí aon tairiscint, aon dreasacht nó aon luach saothair a thabhairt i láthair (go díreach nó go hindíreach), ar dá mbarr a bheadh baol ann go sáródh oifigeach poiblí tofa nó ceaptha aon dlí, aon rialachán, aon riail nó aon chaighdeán iompair is infheidhme maidir leis an oifigeach. I dtaca leis sin, ba cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta bheith ar an eolas faoi aon riail nó aon chód iompair a bhfuil feidhm acu maidir le hoifigigh phoiblí thofa nó cheaptha a bheith ag glacadh le bronntanais nó le fáilteachas.

Níor cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta féachaint le tionchar a imirt ar oifigeach poiblí tofa nó ceaptha seachas trí fhianaise, faisnéis, argóintí agus taithí a sholáthar lena dtacaítear lena g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta.

7. Forálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil a Chomhlíonadh

A. Clárúithe agus Tuairisceáin

Ba cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta eolas a chur ar fhorálacha an Achta agus ar aon ábhar treorach iomchuí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Go háirithe, ní mór do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta:

1. An ceanglas chun clárú ar an gClár Brústocaireachta (an Clár) de réir alt 8 den Acht a chomhlíonadh agus an faisnéis a cheanglaítear faoi alt 11 den Acht a sholáthar ar an mbealach agus san fhoirm a cheanglaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin.
2. An ceanglas chun tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach go rialta chuig an gClár, mar a fhoráiltear dó in alt 12 den Acht, a chomhlíonadh ar an mbealach agus san fhoirm a cheanglaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin. Nuair is iomchuí, áirítear “tuairisceáin nialasacha” leis sin.
3. An ceanglas faoi alt 13 den Acht chun faisnéis bhreise nó cheartaithe a sholáthar, má iarrann an Coimisiún um Chaighdeáin air/uirthi déanamh amhlaidh, a chomhlíonadh.

Ba cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta cloí leis an treoir ón gCoimisiún um Chaighdeáin i dtaca le tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach chun a chinntiú go mbeidh a c(h)uid tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta cruinn agus iomlán agus go gcuirfear isteach in am iad.

Ba cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta thar ceann cliaint nó duine eile an cliant, an gnólacht nó an eagraíocht a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige/aici dá leasanna a chur ar an eolas faoina c(h)eanglais féin agus faoi cheanglais an chliant nó an duine eile faoin Acht.

Ba cheart do cheann na heagraíochta a chinntiú go mbeidh fostaithe nó daoine eile a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta thar ceann na heagraíochta ar an eolas faoi cheanglais na heagraíochta faoin Acht agus go gcuirfear iad ar an eolas faoi cheanglais an Chóid Iompair seo.

B. Tréimhse “mharana”

Foráiltear le halt 22 den Acht go mbeidh “Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iomchuí” (Airí agus Airí Stáit, Comhairleoirí Speisialta agus Seirbhísigh Phoiblí Shinsearacha) faoi réir thréimhse mharana aon bhliana. Le linn na tréimhse sin, ní fhéadfaidh oifigigh phoiblí ainmnithe iomchuí gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha agus ní fhéadfaidh siad bheith fostaithe ag duine, ná ní sholáthróidh siad seirbhísí do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha, is iad sin:

Cumarsáidí a dhéanamh arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh (mar a shainmhínítear in alt 5 den Acht) i gcás:

Go bhfuil baint acu le haon chomhlacht seirbhíse poiblí a raibh an t-oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí bainteach leis, is é sin, áit a raibh sé/sí fostaithe nó a raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh aige/aici sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht, nó


Go ndéantar iad chuig duine a bhí ina (h)oifigeach poiblí ainmnithe freisin agus a bhí fostaithe nó a raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse marana aon bhliana iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeán ar thoiliú chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí den sórt sin nó chun bheith fostaithe ag duine a sheolann gníomhaíochtaí den sórt sin. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán a chinneadh toiliú a thabhairt gan choinníoll nó faoi réir coinníollacha. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán a chinneadh freisin diúltú don iarratas i leith iomlán na “tréimhse marana” aon bhliana ná i leith aon choda di.

Má tá sé/sí ag féachaint le duine a d’fhéadfadh bheith faoi réir fhorálacha alt 22 den Acht a fhostú nó a fhruiú, ba cheart don fhostóir a fháil amach ar dtús cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur bhreithnigh an duine ceanglais alt 22 agus, más gá, gur iarr an duine agus go bhfuair an duine toiliú ón gCoimisiún um Chaighdeán chun gníomhaíochtaí brústocaireachta den sórt sin a sheoladh.

8. Aird a thabhairt ar an gCód Iompair

Foráiltear le halt 16(5) den Acht go mbeidh aird ag aon duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta ar an gCód Iompair seo. Agus é/í ag gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta, mar sin, ba cheart do dhuine, i dteannta a (h)oibleagáidí reachtúla faoin Acht a chomhlíonadh, féachaint leis na caighdeáin atá leagtha amach i bprionsabail agus rialacha an Chóid seo a chomhlíonadh agus cloí le brí agus meon an Chóid Iompair seo.

A photograph of three business professionals in a meeting. A man with glasses and a beard, wearing a suit and tie, is smiling and looking at a tablet held by a woman on the left. Another woman on the right is also looking at the tablet. The image has a purple tint and rounded corners.

Aguisín a Dó:

Ról Maoirseachta
an Choimisiúin
faoi Acht um
Brústocaireacht
a Rialáil, 2015

Aguisín a Dó

Ról Maoirseachta an Choimisiúin faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Forbhreathnú ginearálta

Foráiltear leis an Acht go ndéanann duine a thagann faoi raon feidhme an Achta cumarsáid iomchuí (go bhfuil sé/sí ag déanamh brústocaireachta) i gcás go ndéanann sé/sí cumarsáid le hoifigeach poiblí ainmnithe maidir le ní iomchuí. Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin rialta ar líne maidir lena g(h) níomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach.

Leagtar amach in alt 5(1) agus (2) den Acht na catagóirí duine a thagann faoi raon feidhme an Achta, is iad sin:

- duine ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe lánaimseartha;
- duine ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó, i gcás gur comhlacht é/í atá ann go príomha chun bheith ionadaitheach do leasanna a chomhaltaí (dá ngairtear “comhlacht ionadaitheach”) agus go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí;
- duine ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó, i gcás gur comhlacht é/í atá ann go príomha chun díriú ar shaincheisteanna áirithe (dá ngairtear “comhlacht tathanta”) agus go ndéantar na cumarsáidí iomchuí ar mhaithe le haon cheann de na saincheisteanna sin a chur ar aghaidh;
- aon duine (duine aonair nó eagraíocht) atá ag déanamh “cumarsáid iomchuí” faoi thalamh a fhorbairt nó a chríosú i gcás nach ionann an talamh sin agus a p(h)ríomháit chónaithe; agus
- “brústocaire gairmiúil” nó tríú páirtí a fhaigheann íocaíocht as gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh thar ceann duine a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí daoine thuas.

Áirítear le hoifigigh poiblí ainmnithe Airí den Rialtas agus Airí Stáit, Comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa do thoghlaigh in Éirinn, agus Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla. Áirítear le hoifigigh poiblí ainmnithe freisin comhairleoirí speisialta agus na státseirbhísigh agus na seirbhísigh poiblí is sinsearaí arna bhforordú mar oifigigh poiblí ainmnithe le hordú ón Aire.

Is é is ní iomchuí ann aon ní a bhaineann le haon bheartas poiblí nó le haon chlár poiblí a thionscnamh, a fhorbairt nó a mhodhnú, le hachtachán a ullmhú, nó le dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó comhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena ngabhann cistí poiblí. Is cumarsáidí iomchuí iad nithe a bhaineann le talamh a fhorbairt agus a chriosú freisin.

Foráiltear le halt 5(5) den Acht do roinnt díolúintí maidir le cumarsáidí a meastar gur cumarsáidí iomchuí iad.

An Clár

Is córas Gréasánbhunaithe atá sa Chlár é féin. Mar aon leis an gclár ar líne a óstáil, cuimsítear ar an suíomh Gréasáin lobbying.ie uirlisí faisnéise agus treorach lena mínítear na próisis le haghaidh clárú agus tuairisceáin a chur isteach.

Ní ghearrtar aon chostas i leith clárú, tuairisceáin a chur isteach ná teacht ar an bhfaisnéis atá ar fáil sa Chlár. Cé go bhfuil sé de fhreagracht ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar chothabháil an chláir, bíonn ábhar an chláir faoi réir na faisnéise a thugtar sna hiarratais ar chlárú agus sna tuairisceáin a chuireann cláraithe isteach.

Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin a chur isteach trí huair in aghaidh na bliana, ina gcuimsítear na "tréimhsí iomchuí" forordaithe (an 1 Eanáir - an 30 Aibreán, an 1 Bealtaine - an 31 Lúnasa, agus an 1 Meán Fómhair - an 31 Nollaig). Ní mór na tuairisceáin a chur isteach faoi na "dátaí iomchuí" forordaithe faoi seach (an 21 Bealtaine, an 21 Meán Fómhair agus an 21 Eanáir faoi seach).

Ní mór na nithe seo a leanas a léiriú sa tuairisceán: cé hé/hí a ndearnadh brústocaireacht air/uirthi; ábhar na gníomhaíochta brústocaireachta agus na torthaí a bheartaigh an duine a bhaint amach léi. Ní mór cineál agus méid na gníomhaíochta brústocaireachta a léiriú sa tuairisceán freisin. Má seoladh an ghníomhaíocht brústocaireachta thar ceann cliaint, ní mór sonraí faoin gcliant a chur ar fáil sa tuairisceán.

Forálacha eile

Iarratais ar mhoill a chur ar fhoilsiú faoi alt 14 den Acht

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar mhoill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá ina (h)iarratas ar chlárú nó ina t(h)uairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcás, maidir leis an bhfaisnéis a chur ar fáil, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis:

1. go mbeadh drochéifeacht thromaí ag an gcur ar fáil sin ar leasanna airgeadais an Stáit, ar an ngeilleagar náisiúnta, nó ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar leasanna gnó daoine d'aon tuairisc (iarratas arna dhéanamh faoi alt 14(1)(a) den Acht), nó
2. go mbeadh an cur ar fáil sin ina chúis le caillteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó go ndéanfaí dochar mór leis an gcur ar fáil sin do staid iomaíochta an duine sin i seoladh shlí bheatha, ghairm nó ghnó an duine nó do thoradh aon chaibidlí conarthacha nó eile atá á seoladh ag an duine sin (iarratas arna dhéanamh faoi alt 14(1)(b) den Acht).

Má dhéantar iarratas faoi alt 14(1)(a), ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le haon Aire/Airí iomchuí den Rialtas ina leith. Ní cheanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le hAire/Airí más faoi alt 14(1)(b) a dhéantar an t-iarratas. (Mar sin féin, is féidir go measfaidh an Coimisiún go bhfuil sé cuí dul i gcomhairle le hAire ar iarratas a dhéantar faoi alt 14(1)(b)).

Foráiltear le halt 14(9) den Acht gurb amhlaidh, nuair a fhoilseoidh an Coimisiún na tuairisceáin dá éis sin, nach mór dó míniú a fhoilsiú ar an gcúis ar moillíodh foilsiú na faisnéise.

Foráiltear le halt 14(11) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh foilsiú a mhoilliú níos mó ná uair amháin i ndáil le faisnéis atá i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta.

An tréimhse “mharana” dá bhforáiltear faoi alt 22 den Acht

Foráiltear le halt 22 den Acht go mbeidh Airí den Rialtas, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh phoiblí shinsearacha arna bhforordú chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir tréimhse mharana aon bhliana. Is tréimhse é sin ar lena linn nach bhféadfaidh siad gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha agus nach bhféadfaidh siad bheith fostaithe ag duine, ná nach soláthróidh siad seirbhísí do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Is ionann an tréimhse mharana agus an tréimhse aon bhliana amháin dar tosach an lá a scoir an duine dá bheith ina (h)oifigeach poiblí ainmnithe.

Is iad na himthosca lena mbaineann alt 22 den Acht aon imthosca inarb amhlaidh, maidir leis na cumarsáidí a dhéanamh arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh:

1. go bhfuil baint acu le haon chomhlacht seirbhíse poiblí lena raibh an duine fostaithe nó lena raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht, nó
2. gur chuig duine a bhí ina (h)oifigeach poiblí ainmnithe freisin agus a bhí fostaithe nó a raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse marana aon bhliana iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún go ndéanfaí an tréimhse mharana a laghdú nó a tharscaoileadh.

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh toiliú gan choinníoll a thabhairt le laghdú na tréimhse marana nó le tarscaoileadh na tréimhse marana nó féadfaidh sé coinníollacha a chur ag gabháil leis an toiliú. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh diúltú toiliú a thabhairt i leith iomlán na tréimhse marana ná i leith aon choda di.

Achomhairc

Faoi alt 23 den Acht, is amhlaidh, maidir le haon duine arb éagóir leis/léi breith ón gCoimisiún faoi alt 10(5) (a bhaineann le tuairiscí faoi fhaisnéis mhícheart ar an gClár), faoi alt 14 (foilsíú moillithe) nó faoi alt 22 (tréimhse mharana), go bhféadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe ón gCoimisiún. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe painéil oifigeach achomhairc neamhspleách ar bun chun achomhairc den sórt sin a éisteacht. Faoi alt 23, tarchuirfear an t-achomharc chuig oifigeach achomhairc neamhspleách, ar duine é/í a fhéadfaidh seasamh le breith ón gCoimisiún nó an bhreith a aisiompú agus breith eile a chur ina háit.

Foráiltear le halt 24 den Acht go bhféadfar achomharc in aghaidh na breithe ón oifigeach achomhairc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt.

Forálacha Imscrúdaithe agus Forfheidhmithe

Cuimsítear san Acht roinnt forálacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017.

Ar deireadh, foráiltear le halt 2 den Acht d'athbhreithniú reachtach a dhéanamh ar an Acht. Tar éis an athbhreithnithe, féadfaidh an tAire breithniú a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Acht. Ní mór don Aire tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar thoradh an athbhreithnithe agus ar aon mholtaí maidir le leasuithe ar an Acht.


Ionstraimí reachtúla faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil

Tugadh sé ionstraim reachtúla isteach faoin Acht, ba iad sin:

- An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme) (I.R. Uimh. 152 de 2015);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Achomhairc), 2015 (I.R. Uimh. 366 de 2015);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) (I.R. Uimh. 367 de 2015);
- An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme), 2016 (I.R. Uimh. 360 de 2016);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Fógra Íocaíochta Seasta), 2016 (I.R. Uimh. 361 de 2016); agus
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), 2016 (I.R. Uimh. 362 de 2016).


Aguisín a Trí:

Staitisticí




Aguisín a Trí Staitisticí


Fíor 1 – An líon iomlán cláraithe de réir bliana




Fíor 2 – An líon cláraithe de réir earnála



Fíor 3 – An líon tuairisceán de réir tréimhse tuairiscithe sa bhliain 2018




Fíor 4 – An líon tuairisceán de réir Réimse Beartais Phoiblí: Eanáir - Nollaig 2018



Fíor 5 – Láthair réigiúnach na gcláraithe

An Bhreatain Mhór: 58
An chuid eile den Eoraip: 18
An chuid eile den Domhan: 11

Iomlán: 1742



Fíor 6 – Miondealú geografach na ngnólachtaí dlí ar an gClár Brústocaireachta

Contae	Gnólachtaí atá cláraithe le Dlí-Chumann na hÉireann	Gnólachtaí atá cláraithe mar “Sheirbhísí Dlí” ar lobbying.ie	Céatadán
Baile Átha Cliath	949	20	2%
Corcaigh	275	1	0%
Gaillimh	148	1	1%
Luimneach	97		0%
Cill Dara	85		0%
Tiobraid Árann	83		0%
Lú	73		0%
Ciarraí	69		0%
Maigh Eo	63		0%
Dún na nGall	56	1	2%
An Clár	54		0%
Cill Mhantáin	49	1	2%
Loch Garman	48		0%
An Mhí	48		0%
An Iarmhí	43		0%
Sligeach	41		0%
Port Láirge	37		0%
An Cabhán	34		0%
Ros Comáin	32		0%
Cill Chainnigh	32		0%
Uíbh Fhailí	29		0%
Muineachán	26		0%
An Longfort	24		0%
Laois	24		0%
Ceatharlach	21		0%
Liatroim	19		0%

